



Department of
Education
www.education-ni.gov.uk

TransformED NI:
Transforming Teaching and Learning



Seiceáil fá choinne tuisceana:
*An dóigh le bheith ar an eolas fá
na smaointe atá acu*



SEICEÁIL FÁ CHOINNE

TUISCEANA:

Le InnerDrive

Ar cheann de na dúshláin is mó atá ag oideoirí, tá an chinnteacht go bhfuil na mic léinn ag foghlaim a bhfuil á múintear dóibh. I dteannta le cuidiú le mic léinn an t-eolas atá beartaithe a fhoghlaim, tá sé chomh tábhachtach míthuiscintí a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu sula leabaítear iad sa chuimhne fhadtéarmach. Tá an seiceáil fá choinne tuisceana ar bhonn rialta ina cuidiú le múinteoirí monatóireacht a dhéanamh ar an fhoghlaim i bhfíor-ama, coincheapa an-tábhachtach a neartú fríd aisghabháil agus míthuiscintí a chur ina gceart sula n-éirí siad níos deacra fá coinne athraithe.

AN FÁTH A BHFUIL AN SEICEÁIL FÁ CHOINNE TUISCEANA TÁBHACHTACH

Tá toilleadh teoranta ag cuimhne fheidhmiúil (Miller, 1956), rud a chiallaíonn gur dócha go mbeidh barraíocht eolais le dul i ngleic leis ag mic léinn má chaithfidh siad barraíocht eolais a phróiseáil nó a achoimriú ag an am chéanna. Nuair a sháraíonn an méid faisnéise atá ag teacht isteach an méid is féidir le cuimhne fheidhmiúil a bhainistiú, is féidir leis bac a chur ar fhoghlaim. Mar sin de, ní féidir linn glacadh leis gurb ionann an mhúinteoireacht a rinne muid agus an méid atá foghlamtha acu.

Tá an riosca a bhaineann leis an ró-ualú cognaíoch ard, nuair nach bhfuil tuiscint dhaingean go fóill ag mic léinn ar na bunchoincheapa. Tá an tseiceáil rialta ina cuidiú lena cinntiú go sainaithnítear míthuiscintí agus go rachfar in aghaidh leo sula ndéanaí mic léinn cleachtadh orthu agus iad a leabú sa chuimhne fhadtéarmach (Rosenshine, 2012). Chomh maith leis sin, cuidíonn sé le múinteoirí léargas tábhachtach a fháil ar na rudaí a d'fhéadfadh a bheith riachtanach a athchuart, a shoiléiriú nó a athmhúineadh sula dté siad ar aghaidh.

NA BEALAÍ IS MEASA LE SEICEÁIL FÁ CHOINNE TUISCEANA

Ina leabhar *'What are they thinking?'*, cuireann an múinteoir David Goodwin béim ar na cineál ceisteanna nach dtéann i ngleic leis an tseiceáil fá choinne na tuisceana. Ina measc seo tá na nithe seo a leanas: 'Ok?', 'An dtuigeann achan duine?' agus 'Ceist ar bith?' (Goodwin, 2026). Tarraingíonn sé aird ar an líon beag mac léinn a admhódh os comhair an ranga nach bhfuil siad ceart go leor nó nach dtuigeann siad rud éigin agus nach ceart an tost a ghlacadh mar mhíthuiscint.

CEITHRE CHINEÁL CEISTEANNA LE SEICEÁIL FÁ CHOINNE TUISCEANA

Is féidir le ceithre chineál éagsúla ceisteanna cuidiú le seiceáil fá choinne na tuisceana, agus tapálann siad isteach i bpróiseas smaointeoireachta eile. Is iad seo:

1. Ceisteanna fíorasacha

Le ceisteanna fíorasacha, tá sé de dhíth ar dhaltáí píosaí eolais a thabhairt chun cuinmhne agus de ghnáth, bíonn freagra acu, bíodh an freagra sin ceart nó mícheart (Tofade et al., 2013). Is féidir na ceisteanna seo a chur, a fhreagairt agus a mharcáil go gasta. Déanann siad seiceáil fá choinne na tuisceana ar bhunbhloicíní an eolais.

2. Ceisteanna Imréimneacha

Le ceisteanna imréimneacha, iarrtar ar dhaltáí réimse eolais a chur le chéile agus an t-eolas sin a chur i bhfeidhm le conclúid amháin a bhaint amach ar conclúid é atá bunaithe ar fhianaise. Cé go bhfuil freagra amháin ceart orthu de ghnáth, baineann na ceisteanna seo úsáid as tuiscint, feidhm agus anailís. Mar gheall air sin, is féidir leo réimse eolais níos leithne a sheiceáil. I dtaighde, tugtar le fios go bhfuil ceisteanna inréimneacha éifeachtach go háirithe ó thaobh míthuiscintí a aimsiú agus a cheartú, rud atá ina chuidiú le daltaí tuiscint níos cruinne ar ábhar a thógáil (Voss et al., 2021).

3. Ceisteanna Iltreocha

Is ionann ceisteanna iltreocha agus ceisteanna hipitéiseacha ‘más é sin’. Ar an ábhar sin, níl aon fhreagraí cearta ná contráilte ann. Cuirtear na ceisteanna seo le próiseas smaointeoireachta na ndaltaí agus a smaointeoireacht loighciúil a fháil amach. Seachas fíricí a thabhairt chun cuinmhne, cuireann siad smaointeoireacht ard oird chun cinn fríd fhiafraí de mhic léinn anailís a dhéanamh, luacháil a dhéanamh nó cruthú. Feidhmíonn na ceisteanna seo go maith nuair a éascaítear plé. Bíodh sin mar atá, tá níos mó ama sa rang de dhíth orthu agus is féidir leo stiúradh comhráite i dtreonna nach bhfuiltear ag súil leo ach atá luachmhar.

4. Ceisteanna meastóireachta

Le ceisteanna meastóireachta, iarrtar ar mhic léinn fianaise a mheá, comparáid a dhéanamh idir smaointe agus údar a thabhairt don réasúnaíocht. Mar shampla, nuair a iarrtar ar mhic léinn dhá choincheap a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht, is é atá i gceist dóibh eolas a fháil fán dá rud sula ndéanaí siad luacháil ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí eatarthu. De bhrí go bhfuil aisghabháil i gceist i dteannta leis an smaointeoireacht dhomhain, bíonn léargas luachmhar le doimhneacht na tuisceana atá ag mic leinn.

DO CHEISTEANNA A CHUR AG AN AM CHEART

Ag tús ceachta, is féidir seiceáil fá choinne tuisceana a bheith ina chuidiú duit a bheith ar an eolas fán mhéid atá daltaí ar an eolas fá thopaic. Tugtar ‘réamhcheist’ air sin sa taighde. Tugtar le fios i dtaighde gur féidir leis sin an fhoghlaím a fheabhsú, fríd fhiosracht a mhéadú agus fócas a bheith ar an tasc. (Carpenter & Toftness, 2017). D’fhéadfadh sé seo a bheith ann de bhrí go ngníomhaíonn réamhcheisteanna an t-eolas a fuarthas roimhe seo, leagann siad béim ar bhearnaí tuisceana agus spreagann siad scoláirí le haird níos dlúithe a thabhairt.

Baintear úsáid as ‘Ceisteanna maighdeoise’ ag pointí tábhachtacha le linn ceachta le déarbhuí cé acu atá mic léinn réidh le bogadh ar aghaidh nó atá athamharc de dhíth (Wiliam, 2015). Cuireann siad aiseolas ar an toirt chuig múinteoirí agus cuidíonn siad le treorú ar chinntí teagaisc. Is minic a bhíonn siad mar cheisteanna ilrogha. Lena chinntiú go bhfuil achan mhac léinn rannpháirteach, is féidir úsáid na mionchlár bán a bheith an-úsáideach. I bhfianaise, tugtar le fios go dtagann feabhas ar an fhoghlaím agus ar ‘iompraíocht ar thasc’ (Marsh et al., 2021).

I ndiaidh an t-ábhar a theagaisc, is é ‘ceistiú ilchasta’ bealach éifeachtach le seiceáil fá choinne na tuisceana. Is é atá i gceist leis seo ceisteanna ‘cad chuige’ amhail ‘Cad chuige a bhfuil sé seo fíor?’ nó ‘Cad chuige a shíleann tú sin?’ Spreagann na ceisteanna seo le mic léinn a gcuid smaointe a mhíniú ina bhfocail féin agus eolas nua a cheangal lena bhfuil ar eolas acu cheana (Pressley et al., 1987). Fríd cheangal a bheith ar mhic léinn le ciall a thógáil, neartaíonn an ceistiú ilcasta an tuiscint agus an chuimhne.

SMAOINTÍ DEIREANACHA

Is é atá i gceist leis an ‘Seiceáil fá choinne tuisceana’ fianaise fhiúntacha a bhailiú agus an fhaisnéis sin a úsáid le heolas a dhéanamh ar a bhfuil le tarlú anois. Lena chinntiú gur éifeachtach í an seiceáil fá choinne tuisceana, ní mór reimse ceisteanna a chur agus go gcuirtear na ceisteanna seo ag amanna straitéiseacha ar fud an cheachta agus go bhfuil achan mhac léinn páirteach nuair a fhreagraítear na ceisteanna seo. Fríd cheisteanna díongbháilte a chur, míthuiscintí a aimsiú go luath agus fríd mhic léinn a spreagadh lena smaointeoireacht a fháil agus a mhíniú, is féidir le múinteoirí tuigheáil níos fearr a fháil ar a dtuigeann na mic léinn agus an méid nach dtuigeann siad.

TAGAIRTÍ

Carpenter, S. K., & Toftness, A. R. (2017). The effect of prequestions on learning from video presentations. *Journal of Applied Research in Memory and Cognition*, 6(1), 104–109.

Goodwin, D. (2026). *What Are They Thinking?* Routledge.

Marsh, R., Cumming, T., Randolph, J., & Michaels, S. (2021). Updated meta-analysis of the research on response cards. *Journal of Behavioral Education*, 32, 1-30.

Miller, G. (1956). The magical number seven, plus or minus two: Some limits on our capacity for processing information. *Psychological Review*, 63 (2), 81–97.

Pressley, M., McDaniel, M. A., Turnure, J. E., Wood, E., & Ahmad, M. (1987). Generation and precision of elaboration: Effects on intentional and incidental learning. *Journal of Experimental Psychology: Learning, Memory, and Cognition*, 13(2), 291–300.

Rosenshine, B. (2012). Principles of Instruction: Research-based strategies that all teachers should know. *American Educator*, 36(1), 12–19.

Tofade, T., Elsner, J., & Haines, S. T. (2013). Best practice strategies for effective use of questions as a teaching tool. *American Journal of Pharmaceutical Education*, 77(7), 155.

Voss, S., Kruse, J., & Kent-Schneider, I. (2021). Comparing student responses to convergent, divergent, and evaluative nature of science questions. *Research in Science Education*.

Wiliam, D. (2015). Designing great hinge questions. In ASCD. <https://www.ascd.org/el/articles/designing-great-hinge-questions>

ACMHAINNÍ BREISE: BLAGANNA & PODCHRAOLTA

Why and how to check for understanding - innerdrive.co.uk/blog/checkfor-understanding

Rosenshine's sixth Principle of Instruction: Check for Understanding - innerdrive.co.uk/blog/rosenshines-sixth-principle-of-instruction/

Worst ways to check for understanding (and how to do it better) - innerdrive.co.uk/blog/checks-for-understanding/



Department of
Education
www.education-ni.gov.uk